



An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018
(OR. en)

9313/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0170 (COD)**

**GAF 20
FIN 405
CODEC 849**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 338 final
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 338 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 338 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2018
COM(2018) 338 final

2018/0170 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF

{SWD(2018) 251 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Tá clár oibre reachtach uailmhianach á leanúint ag an gCoimisiún chun cosaint ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a neartú. I mí Iúil 2017, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle an Rialachán lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme i leith Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú. Is príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin OIPE a bhunú i réimsí an cheartais choiriúil agus an comhraic in aghaidh na calaoise i leith bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an OIPE athrú suntasach ar thimpeallacht frith-chalaoise institiúideach an Aontais Eorpaigh. Beidh an chumhacht aici imscrúduithe coiriúla a dhéanamh agus ionchúiseamh a dhéanamh os comhair chúirteanna na mBallstát a bheidh rannpháirteach. Táthar ag súil go gcothóidh sí beartas ionchúisimh níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí i leith coireanna a chuireann isteach ar bhuiséad an Aontais, as a dtiocfaidh tuilleadh ionchúiseamh, ciontuithe agus leibhéal níos airde aisghabhála.

Ós rud é gur glacadh Rialachán OIPE ní mór Rialachán Uimh. 883/2013 lena rialaítear imscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a oiriúnú.

Bunaíodh OLAF i 1999 agus chun, go háirithe, imscrúduithe riaracháin a dhéanamh sa réimse maidir le cosaint ar leasanna airgeadais an Aontais. Laistigh dá sainordú riaracháin, déanann OLAF imscrúdú ar neamhrialtachtaí agus ar iompraíocht choiriúil. Tá ról suntasach aici sa chomhrac in aghaidh na calaoise, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí bhíthin a himscrúduithe lena mbaineann an aidhm aisghabhálacha airgeadais, gníomhaíocht ildisciplíneach agus riaracháin a chumasú, mar aon le cúisithe agus ionchúisimh. D'úsáid OLAF a saineolas imscrúdaitheach i gcomhthéacs síor-athraitheach calaoise i leith bhuiséad an Aontais. Láimhseáil sí líon méadaitheach imscrúduithe, as ar tháinig líon méadaitheach moltaí mar aon le tuilleadh méideanna arna moladh le haghaidh aisghabhála.

I réimse na calaoise, is ionann cruthú OIPE agus dul chun cinn suntasach ar chúrsaí mar atá. Sa lá atá inniu ann, déanann OLAF imscrúduithe riaracháin le cumhachtaí riaracháin atá teoranta i gcomparáid le himscrúduithe coiriúla. Nuair a thagann sí ar chionta coiriúla féideartha, ní féidir léi ach moladh a chur chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta, gan aon chinnteacht go ndéanfar imscrúdú coiriúil a sheoladh. Amach anseo, sna Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE, tuairisceoidh OLAF cionta coiriúla amhrasta do OIPE, agus comhoibreoidh sí léi i gcomhthéacs a himscrúduithe.

Tá forálacha chun an caidreamh idir OIPE agus OLAF a rialú ann cheana i Rialachán OIPE. Tá siad bunaithe ar phrionsabail an dlúthchomhair, an mhalartaithe faisnéise, na comhlántachta agus na neamhdhúblála. Ní mór na rialacha sin a bheith léirithe agus comhlánaithe i Rialachán Uimh. 883/2013. Dá bhrí sin, tá oiriúnú ar chreat dlí OLAF faoin am a chuirfead OIPE ar obair ar an bpríomhspreagadh le Rialachán Uimh. 883/2013 a leasú. D'fhonn aistriú réidh chuig creat nua a áirithiú, ba cheart an Rialachán leasaithe a chur i bhfeidhm sula gcuirfead OIPE ar obair (agus tá sé beartaithe go gcuirfead ag deireadh 2020).

Cuireadh cúram an tsainordaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar OIPE agus OLAF araon, de réir a sainchúraimí féin. Cé go ndéanfaidh OIPE imscrúduithe coiriúla lena mbainfidh an aidhm ciontóirí, agus comhchoirí, cionta a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais,

leanfaidh OLAF ar aghaidh ag déanamh imscrúduithe riaracháin ina bhfuil béim ar leith ar aisghabháil riaracháin a éascú agus tuilleadh dochair do chistí an Aontais a chosc trí bhearta riaracháin. Dá réir sin, tá an fócas a bheidh ag gníomhaíocht OIPE agus OLAF amach anseo éagsúil le chéile, cé go mbeidh aon sprioc amháin acu sa deireadh.

Leanfaidh OLAF lena cuid imscrúduithe, ar an dóigh chéanna a ndéanann sé inniu iad, sna Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE faoi láthair. Sna Ballstáit sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta agus do OLAF cuidiú a thabhairt na dálaí chun leibhéal cosanta éifeachtach agus coibhéiseach ar leasanna airgeadais an Aontais san Aontas Eorpach ar fad a áirithiú.

In imthosca dá leithéid, tá sé ríthábhachtach an creat dlí le haghaidh OLAF a bheith oiriúnach ionas gur féidir leis a ról a chomhlíonadh maidir le OIPE, leis na Ballstáit agus le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Ba é conclúid mheastóireacht an Choimisiúin ar Rialachán Uimh. 883/2013 gur lig an Rialachán do OLAF leanúint ar aghaidh ag saothrú torthaí nithiúla i leith buiséad an Aontais a chosaint. Rinneadh feabhsuithe soiléire de bhun athruithe 2013, maidir le déanamh imscrúduithe, comhar le comhpháirtithe agus cearta na ndaoine lena mbaineann. San am céanna, rinneadh aibhsiú sa mheastóireacht ar easnaimh a chuireann isteach ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht imscrúduithe. Baineann na cinntí sin le raon leathan réimsí lena n-áirítear uirlisí imscrúdaitheacha OLAF, cumhachtaí OLAF a fhorfheidhmiú, coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le himscrúduithe inmheánacha a dhéanamh, oibríochtaí fóirínseacha digiteacha a dhéanamh, éagsúlachtaí san obair leantach ar mholtaí OLAF, dualgais an chomhoibríthe ag Ballstáit agus ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, nó comhleanúnachas foriomlán an chreata dhlíthiúil.

Mar sin féin, tá dul i ngleic le cinntí uile na meastóireachta lasmuigh de raon feidhme an togra seo, ós rud é gur cheart go mbeadh an Rialachán athbhreithnithe i bhfeidhm faoin am a chuirfear OIPE i mbun oibríochta. Cuimsíonn an togra líon teoranta athruithe spriocdhírthe, bunaithe ar na cinntí meastóireachta is soiléire. Is athruithe ríthábhachtacha iad sin atá riachtanach sa ghearrthéarma chun an creat le haghaidh imscrúduithe OLAF a neartú, d'fhonn OLAF láidir lánfheidhmiúil a chothabháil lena gcomhlánófar cur chuige dlí coiriúil OIPE le himscrúduithe riaracháin, ach nach gcuimseoidh athrú ar an sainordú ná ar na cumhachtaí.

Tá an fócas ar réimsí ina bhfuil easnaimh shoiléire, faoi láthair, ar fhorálacha áirithe sa Rialachán ina gcúis le bacainní ar oibríochtaí éifeachtacha OLAF, maidir le, go háirithe, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí nó rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc. Is é is aidhm leis na leasuithe atá molta débhrí a shoiléiriú agus a laghdú sna forálacha reatha le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, le haghaidh na mBallstát, agus le haghaidh OLAF, agus dá réir sin cur le cinnteacht dhlíthiúil. Dá ndéanfaí sin, d'fhéadfadh OLAF feidhmiú ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí i ngach ceann dá imscrúduithe. Baineann sin go díreach leis cuspóir na cosanta láidre ar an mbuiséad ar fud an Aontais i dteannta le cuspóir na gcoimircí nós imeachta iomchuí le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir imscrúdú.

Is é cuspóir foriomlán an togra cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú. Bainfear sin amach le trí chuspóir shonracha, mar atá:

- oibríocht OLAF a oiriúnú do bhunú OIPE;
- éifeachtacht fheidhm imscrúdaitheach OLAF a fheabhsú;
- forálacha áirithe de chuid Rialachán Uimh. 883/2013 a shoiléiriú agus a shimpliú.

Léiríodh cheana féin i dtuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin go bhféadfaí an togra ina gcuimsítear na hathruithe spriocdhírthe sin a leanúint le próiseas níos forleithne chun creat OLAF a nuachóiriú, a bhfuil a phríomhghnéithe ann ó cruthaíodh OLAF i 1999. Bheadh sé ina dheis na hathruithe níos bunúsaí eile a bhreithniú gcomhthéacs réimsí agus treoachtaí

calaoise san 21 haois, agus ba cheart an taithí a fuarthas sa chomhar idir OIPE agus OLAF a thabhairt san áireamh. Bheadh sé ina dheis freisin breithniú a dhéanamh ar chinntí eile na meastóireachta, agus ar ghnéithe an chreat dlí ina bhféadfadh tuilleadh machnaimh agus plé a bheith ag teastáil.

Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Rinneadh an leasú ar Rialachán Uimh. 883/2013 ós rud é go ndearnadh OIPE a chruthú, agus an leasú sin ceaptha go díreach chun comhleanúnachas a áirithiú i leith an chreat dlí le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Is céim bhreise é sin, tar éis an Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil agus Rialachán OIPE a ghlacadh, i dtreo creat dlí neartaithe lena n-áiritheofar go n-úsáidfead go héifeachtach na hacmhainní go léir atá ar fáil sa chomhrac in aghaidh na calaoise.

Tá sé sin thar a bheith ábhartha de réir mar a bhogann an tAontas chuig an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Tá sé tábhachtach chun muinín shaoránaigh an Aontais a chothú agus breisluach an tionscadail Eorpaigh a neartú buiséad an Aontais a chaitheamh go héifeachtúil agus go hiomchuí. Rannchuidíonn bunú OIPE agus neartú chreat dlí OLAF le cuspóir an Chonartha go ndéanfaí cosaint ar ardleibhéal ar bhuiséad an Aontais i gcrióch iomlán an Aontais Eorpaigh (Airteagal 325, CFAE).

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an tionscnamh comhsheasmhach le forbairtí reachtacha eile lena mbaineann an aidhm calaoisdíonacht ioncam, chaiteachas agus shócmhainní an Aontais a neartú, agus comhar idir comhlachtaí forfheidhmithe an dlí a neartú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus ar Airteagal 106a den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach.

Coimhdeacht

Déanann OLAF tasc Eorpach go sonrath - leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcreat Airteagal 317 agus 325 CFAE - nach féidir a dhéanamh, ar an dóigh chéanna, ar leibhéal náisiúnta. Baineann an togra le himscrúduithe a dhéanann oifig de chuid an Aontais, a rialaítear faoi láthair i Rialachán de chuid an Aontais. Ní dhéanann sé aon athrú ar chumhachtaí ná dualgais na mBallstát le haghaidh calaois a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac, dualgas a chomhroinntear idir na Ballstáit agus an tAontas, agus ní chuireann sé le cumhachtaí ná le sainordú OLAF.

Baineann an togra le caidreamh le OIPE, a bheidh ina comhlacht AE a bhunófar ar bhonn Rialachán AE. Dá thoradh sin, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ag teastáil chun déileáil leis an gcomhoibriú idir OLAF agus OIPE.

Tá na leasuithe arna gceapadh chun tagairtí do dhlí náisiúnta i gcreat dlí OLAF (i gcomhthéacs seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair agus inghlacthacht thuarascálacha OLAF) a fhréamhú ar dhóigh níos fearr agus an cúnaimh arna chur ar fáil ag na Ballstáit (go háirithe chun teacht ar shonraí bainc a chur ar fáil d'OLAF) riachtanach chun a áirithiú go mbeidh imscrúduithe OLAF níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ar fud an Aontais. Tá sin riachtanach ionas gur féidir le OLAF a chuid uirlisí imscrúdúcháin a úsáid go héifeachtach

sna Ballstáit go léir d'fhonn leas Eorpach (leasanna airgeadais an Aontais) a chosaint, agus chun coimircí nós imeachta iomchuí a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir imscrúduithe OLAF. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ag teastáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Comhréireacht

Tá na hathruithe atá molta teoranta don mhéid atá riachtanach d'fhonn na cuspóirí atá molta a bhaint amach, agus tá siad comhlíontach dá réir sin le prionsabal na comhréireachta.

Tá na leasuithe a bhaineann le OIPE ina n-iarmhairt ar Rialachán 2017/1939 a ghlacadh. Tá siad teoranta don mhéid atá riachtanach chun feidhmiú OLAF a oiriúnú chun prionsabail an chaidrimh idir OIPE agus OLAF atá leagtha síos sa Rialachán a léiriú.

Ina theannta sin, téitear i ngleic le roinnt gnéithe teoranta áirithe den Rialachán inar léirigh an taithí go bhfuil easnaimh sa chóras atá ann faoi láthair. Cé gur bhain conclúidí na meastóireachta le raon forleathan, níor moladh leasuithe inti ach amháin i gcás ina bhfuil bhfuil athruithe ríthábhachtach sa ghearrthéarma chun éifeachtacht imscrúduithe OLAF a áirithiú. Ní théann na leasuithe nithiúla níos faide ná a bhfuil riachtanach chun cuspóir agus cothromaíocht na leasanna dlíthiúla éagsúla lena mbaineann a bhaint amach. Mionathraítear na forálacha maidir le déanamh na seiceálacha ar an láthair díreach chomh fada agus atá riachtanach chun a áirithiú gur féidir le OLAF leas a bhaint as an uirlis imscrúdaitheach go héifeachtach ar fud na mBallstát. Ní chuireann na leasuithe sin isteach ar fheidhmiú an dlí náisiúnta i gcásanna ina mbeidh sé ábhartha fós, .i. i gcás ina n-iarrfar ar údaráis náisiúnta cúnaimh a thabhairt do OLAF i gcomhréir lena rialacha nós imeachta náisiúnta. Tá feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir leis an bhforáil nua maidir le rochtain ar fhaisnéis bhainc: cé go raibh sé riachtanach soiléiriú a dhéanamh sa Rialachán gur cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta cúnaimh a thabhairt do OLAF rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin atá ríthábhachtach chun cuid mhór cineálacha calaoise a nochtadh, déanfaidh siad é sin i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.

An rogha ionstraime

Ní mór Rialachán Uimh. 883/2013 a leasú leis an gcineál céanna ionstraime.

3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Meastóireacht ar Rialachán Uimh. 883/2013

An 2 Deireadh Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún a Thuarascáil maidir leis an Meastóireacht ar fheidhmiú Rialachán Uimh. 883/2013. I dteannta leis bhí tuairim ó Choiste Maoirseachta OLAF.

Ba é conclúid na meastóireachta gur lig an Rialachán do OLAF leanúint ar aghaidh ag baint amach torthaí nithiúla i leith buiséad an Aontais a chosaint. Thug sé roinnt easnamh chun suntais freisin a dhéanann dochar d'éifeachtacht imscrúduithe OLAF. Baineann na cinntí sin le raon leathan réimsí a bhaineann le feidhmiú an Rialacháin. Tá achoimre déanta thíos de na réimsí a phléitear sa togra, a meastar go bhfuil siad ríthábhachtach sa ghearrthéarma chun creat imscrúduithe OLAF a neartú.

Maidir le déanamh imscrúduithe, eascraíonn cumhachtaí imscrúdaitheacha OLAF as gníomhaíochtaí éagsúla de chuid dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán. I roinnt cásanna cuireann na gníomhaíochtaí sin feidhmiú na gcumhachtaí sin faoi réir coinníollacha an dlí náisiúnta freisin, go háirithe an dlí maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar oibríochtaí fóiréinseacha digiteacha a dhéantar i gcríoch na

mBallstát. Léirigh an mheastóireacht nach bhfuil sé go hiomlán soiléir a mhéid atá an dlí náisiúnta infheidhme de bhun Rialachán Uimh. 883/2013. De dheasca léirmhíniúcháin éagsúla ar na forálacha ábhartha, agus éagsúlachtaí sa dlí náisiúnta, tá ilroinnt ar chleachtadh cumhachtaí imscrúdaitheacha OLAF agus cuirtear bac fiú ar chumas OLAF a himscrúduithe a dhéanamh go héifeachtach i ngach Ballstát.

Moladh sa mheastóireacht freisin gur cheart measúnú a dhéanamh ar an ngá agus atá le rochtain níos fearr a fháil ar fhaisnéis cuntas bainc de réir na ndálaí iomchuí, a d'fhéadfadh a bheith lárnach chun an-chuid cásanna calaoise nó neamhrialtachta a fhionnadh, agus ar an bhféidearthacht go mbeidh an rochtain sin ann. I réimse CBL, léiríodh gur cheart sainordú OLAF a shoiléiriú agus a neartú.

Sainaitníodh sa mheastóireacht freisin roinnt cásanna de chomhar leis na húdaráis náisiúnta ina raibh sé deacair do OLAF an cúnaimh riachtanach a fháil, ach fós féin aithníodh go raibh na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise a tugadh isteach le Rialachán Uimh. 883/2013 ina bhforbairt thar a bheith deimhneach maidir leis sin.

Maidir leis an obair leantach ar imscrúduithe, baineann na tosca is tábhachtaí arna sainaitint sa mheastóireacht maidir le hobair leantach ar mholtaí OLAF leis na rialacha maidir le hinghlachtacht fianaise, arna bailiú ag OLAF, in imeachtaí breithiúnacha náisiúnta. Foráiltear sa Rialachán gur fianaise inghlachta iad tuarascálacha OLAF sa dóigh chéanna agus de réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann leis na tuarascálacha riaracháin arna ndrúchtú ag na cigirí riaracháin náisiúnta. Moladh sa mheastóireacht nach n-áirithíonn an riail sin go leordhóthanach éifeachtacht gníomhaíochtaí OLAF i gcuid de na Ballstáit.

Tugtar sainordú sa Rialachán freisin do OLAF cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit comhordú a dhéanamh ar a ngníomhaíocht le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint. Is príomhghné é sin de shainordú OLAF tacú le comhar trasteorann idir na mBallstát. Ní chuimsíonn an Rialachán seo, áfach, forálacha mionsonraithe maidir le módúlachtaí comhordaithe.

Faoi dheoidh, sainaitníodh sa mheastóireacht roinnt forálacha sa Rialachán a gcuirfeadh soiléiriú feabhas orthu.

Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Rialaítear le Rialachán Uimh. 883/2013 an dóigh a ndéantar imscrúduithe OLAF mar aon le sásraí comhair le comhpháirtithe institiúideacha. Tá na grúpaí páirtithe leasmhara ar a n-imríonn sé tionchar sainithe go soiléir, agus iad den chuid is mó laistigh de chreat institiúideach an Aontais agus in údaráis ábhartha na mBallstát. Ní mheastar go n-imríonn forálacha an Rialacháin tionchar díreach ar an bpobal i gcoitinne, ná go bhfuil an pobal i gcoitinne freagrach as cur chun feidhme na bhforálacha sin, ná go bhfuil fianaise shonrach ag an bpobal i gcoitinne atá ag teastáil le haghaidh an athbhreithnithe. Dá réir sin níor tionóladh comhairliúchán poiblí oscailte.

Coimeádadh treochlár an tionscnaimh oscailte ar feadh 4 seachtaine le haghaidh aiseolas ón bpobal; ní bhfuarthas aon aiseolas.

Rinneadh comhairliúchán spriocdhírthe le grúpaí ábhartha páirtithe leasmhara:

- Chuathas i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta (seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise, údaráis bhreithiúnacha, forfheidhmiúcháin agus bhainistíochta) i gcreat suirbhé. Díríodh ar na Ballstáit go léir, agus scaipeadh an suirbhé trí na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise, agus fuarthas 44 fhreagra ó 21 Bhallstát éagsúla;
- Chuathas i gcomhairle le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcreat suirbhé, agus fuarthas 28 bhfreagra ina leith;

– Léirigh acadóirí agus dlíodóirí cosanta a dtuairimí i gceardlann thiomanta.

D'aontaigh tromlach na bpáirtithe leasmhara ar chuathas i gcomhairle leo leis an leasú féideartha ar Rialachán Uimh. 883/2013 ós rud é go gcruthófar OIPE amach anseo, ionas gur féidir le OLAF agus le OIPE oibriú i ndlúthchomhar le chéile, agus a sainordú a fheidhmiú go héifeachtach. Táthar d'aon tuairim go bhfuil rialacha soiléire riachtanach, d'fhonn forluí a sheachaint, agus chun a mhéid comhlántachta is féidir a áirithiú agus bearnaí a sheachaint.

D'aontaigh na páirtithe leasmhara ar chuathas i gcomhairle leo go pointí éagsúla leis an ngá Rialachán Uimh. 883/2013 a leasú d'fhonn éifeachtacht imscrúduithe OLAF a fheabhsú. Tacaíodh i dtromlach na bhfreagraí leis an ngá cumas OLAF imscrúduithe a dhéanamh ar bhonn éifeachtach agus comhleanúnach ar fud na mBallstát a fheabhsú. Thacaigh an tromlach freisin le soiléiriú agus le neartú an Rialacháin maidir le CBL agus rochtain OLAF ar shonraí bainc. Léirigh freagróirí tuairimí éagsúla maidir le cúrsaí amhail inghlacthacht tuarascálacha OLAF in imeachtaí náisiúnta, agus maidir le ról agus sainordú na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise.

An 16 Feabhra 2018, thacaigh COREPER le 'toradh imeachtaí um thuarascáil an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013'. Iarrtar sa tuarascáil sin ar an gCoimisiún díriú go príomha ar na hábhair atá riachtanach chun a chur ar chumas OLAF comhoibriú go réidh le OIPE gan iniúlachtaí agus cumhachtaí OLAF a shíneadh áfach. Ina theannta sin, liostaítear inti roinnt ábhar a dteastaíonn ó thoscaireachtaí áirithe go rachfaí i ngleic leo sa togra.

Pléadh an t-athbhreithniú ar Rialachán Uimh. 883/2013 freisin idir Airí Ceartais na mBallstát, i dtús báire ag a gcuinníú neamhfhoirmiúil i Sóifia an 26 Eanáir 2018, agus ansin sa Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile sa Bhruiséil an 8-9 Márta 2018. Leag an Chomhairle béim ar ríthábhacht an chomhair idir OIPE agus OLAF agus dúirt sí gur cheart an comhar sin a bheith bunaithe ar dheighilt shoiléir iniúlachtaí agus dualgas, comhlántachta, agus iomaíochas nó dúbláil oibre a sheachaint. Ba cheart Rialachán Uimh. 883/2013 na forálacha sa Rialachán maidir le OIPE faoin gcaidreamh idir an dá oifig a léiriú.

Tugadh Tuairim Uimh. 2/2017 ó Choiste Maoirseachta OLAF maidir le feidhmiú Rialachán Uimh. 883/2013 san áireamh agus an togra á ullmhú. Aibhsítear sa Tuairim gur cheart foráil a bheith sa Rialachán leasaithe maidir le forais aonchineálacha le haghaidh na n-imscrúduithe go léir d'fhonn ilroinnt agus deacrachtaí léirmhíniúcháin a sheachaint, agus chun soiléire na ráthaíochtaí dlí agus nós imeachta a neartú. Pléitear inti an gá le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le cuntais bhainc agus le haistrithe airgid, agus le calaois CBL laistigh de AE a imscrúdú. Iarrtar sa Tuairim freisin go ndéanfar ráthaíochtaí nós imeachta agus a rialú a neartú go háirithe i gcomhthéacs bhunú Oifig an Iniúcháin Phoiblí Eorpaigh agus d'fhonn inghlacthacht fhianaise OLAF in imeachtaí breithiúnacha a fheabhsú. Leagtar béim ar an ngá le soiléire i dtaobh idirghníomhaíocht sa todhchaí idir OLAF agus OIPE. Faoi dheoidh, iarrtar sa Tuairim go ndéanfaí ról agus sainordú an Choiste Mhaoirseachta agus a rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le feidhm imscrúdaitheach OLAF a shoiléiriú.

Ina theannta sin, tacaíonn an comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara a rinneadh don mheastóireacht ar fheidhmiú Rialachán Uimh. 883/2013 leis an obair anailíseach a ghabhann leis an togra.

Bailiú agus úsáid saineolais

Úsáideadh an staidéar seachtrach a rinneadh chun meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán Uimh. 883/2013 mar aon le roinnt staidéir neamhspleácha chun tacú leis an ullmhúchán le haghaidh an togra. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe i gceardlann thiomanta.

Measúnú tionchair

Measadh nár ghá measúnú tionchair. Tá doiciméad oibre anailíseach foirne atá bunaithe ar úsáid fhairsing na tuarascála meastóireachta, na staidéar seachtrach agus thorthaí thuasluaite na gcomhairliúchán.

Ceartha bunúsacha

Cosnaítear bunchearta i gceart imscrúduithe OLAF agus de bhun forálacha sonracha maidir le ráthaíochtaí nós imeachta i Rialachán Uimh. 883/2013 agus i Rialachán Uimh. 2185/1996 is infheidhme maidir le seiceálacha ar an láthair agus le cigireachtaí. Ina theannta sin, ní mór do OLAF a áirithiú go dtabharfaidh a cuid gníomhaíochtaí urraim do na ceartha atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

Tugadh Airteagal 9 nua isteach maidir le ráthaíochtaí nós imeachta nuair a glacadh Rialachán Uimh. 883/2013. Déantar athrá in Airteagal 9 ar raon prionsabal atá ríthábhachtach in imscrúduithe OLAF, lena n-áirítear, go háirithe, dualgas OLAF fianaise a lorg i bhfabhar agus in aghaidh an duine lena mbaineann, an ceart go ndéanfaí imscrúdú oibiachtúil agus neamhchlaonta, toimhde na neamhchiontacht agus an ceart féin-ionchoiriú a sheachaint. Cuimsítear in Airteagal 9 freisin forálacha sonracha maidir le, *inter alia*,

- ceart na ndaoine lena mbaineann agus na bhfinnéithe fógra a fháil roimh ré sula gcuirfear faoi agallamh iad/sula n-éistfear leo,
- i gcás daoine lena mbaineann, an ceart barúil a thabhairt maidir le fíricí an cháis chomh luath agus a bheidh an t-imscrúdú curtha i gcrích agus sula ndéanfar na conclúidí a dhréachtú, agus an dualgas atá ar OLAF a áirithiú go ndéanfar tagairt i dtuarascáil dheireanach an imscrúdaithe d'aon bharúil dá leithéid,
- le haghaidh finnéithe, má thagann fianaise amach go bhféadfaidís a bheith ina ndaoine lena mbaineann, an ceart go gcuirfí deireadh le hagallamh agus go gcuirfí an t-agalláí ar an eolas faoina c(h)eartha,
- an ceart atá ag daoine a chuirfear faoi agallamh aon cheann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais a úsáid (is féidir go mbeidh ar oifigigh nó ar sheirbhísigh eile an Aontais úsáid a bhaint as teanga oifigiúil na n-institiúidí a bhfuil eolas cruinn acu uirthi) agus taifead an agallaimh a fhormheas nó barúlacha a thabhairt ina leith; le haghaidh na ndaoine lena mbaineann, comhlánaítear iadsan leis an gceart cúnaimh a fháil ó dhuine a roghnaigh siad féin agus cóip de thaifead an agallaimh a fháil,
- an ceart atá ag oifigigh, ag seirbhísigh eile, ag comhaltaí d'institiúid nó de chomhlacht an Aontais, ag cinn oifige nó gníomhaireachta, nó ag baill foirne go gcuirfear ar an eolas iad nuair a léireoidh imscrúdú go bhféadfaidís a bheith ina ndaoine lena mbaineann imscrúdú, agus an ceart barúil a thabhairt i gcás ina dtabharfaidh OLAF fógra d'údaráis náisiúnta roimh dó imscrúdú inmheánach a sheoladh nó le linn imscrúdú inmheánach.

Comhlánaítear Airteagal 9 nua maidir le ráthaíochtaí nós imeachta le forálacha maidir leis an méid a leanas:

- an gá le húdarú i scríbhinn ón Ard-Stiúrthóir le haghaidh cúraimí imscrúdaitheacha a dhéanamh, ina léireofar an t-ábhar, an cuspóir agus an bunús dlí a bhaineann leis an imscrúdaithe, agus na cumhachtaí imscrúdaitheacha a eascraíonn as na bunúis sin (Airteagal 7(2)),

- seiceáil dlíthiúlachta (Airteagal 17(7)) chun dlíthiúlacht a athbhreithniú (lena n-áirítear urraim do ráthaíochtaí nós imeachta agus do chearta bunúsacha), comhréireacht agus riachtanas gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, sula ndéanfar iad, agus athbhreithniú foriomlán ar thuarascálacha deireanacha,
- forálacha maidir le rúndacht agus cosaint sonraí (Airteagal 10),
- roinnt rialuithe inmheánacha agus seachtracha (an deis do dhuine ar bith ar imir imscrúdú tionchar orthu gearán a chur chuig OLAF, agus rialuithe arna bhfeidhmiú ag an gCoiste Maoirseachta, ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ag an Ombudsman Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa, i gcomhréir lena sainorduithe féin).

Socraítear leis an tacar forálacha agus rialuithe sin caighdeán le haghaidh ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha daoine lena mbaineann imscrúduithe OLAF a chosaint atá iomchuí agus i gcomhréir leis an bhfíric go ndéanann OLAF imscrúduithe riaracháin trí úsáid cumhachtaí riaracháin. Ina theannta sin, cuirtear imscrúduithe OLAF i gcrích le tuarascáil agus le moltaí a ndéanann údaráis eile obair leantach orthu, nuair is iomchuí. Nuair a ullmhaíonn na húdaráis eile sin cinneadh lena ndéantar tionchar ar staid dhlíthiúil na ndaoine lena mbaineann, bíonn feidhm ag cearta nós imeachta agus ag ráthaíochtaí breise i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme.

Aithníodh go ginearálta go raibh an creat dlíthiúil maidir le ráthaíochtaí nós imeachta in imscrúduithe OLAF, de réir mar a d'eascraigh sé as Rialachán Uimh. 883/2013, sa mheastóireacht ina fheabhsúchán deimhneach i leith cearta daoine aonair atá faoi réir imscrúdú OLAF a chosaint. Ar an ábhar sin, níor léiríodh sa mheastóireacht go raibh gá ann na forálacha atá ann cheana a leasú.

Níl tionchar ag na leasuithe atá molta ar an gcothromaíocht fhoriomlán idir cumhachtaí imscrúdaitheacha OLAF agus cearta nós imeachta na ndaoine atá á n-imscrúdú. Ní athrófar cumhachtaí OLAF de bhun an tionscnaimh seo, cé go ndéanfar iad a shoiléiriú i roinnt cásanna. Déanann na leasuithe atá molta maidir le déanamh seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair na cumhachtaí reatha a choimeád, agus shaineoidís feidhmiú an dlí náisiúnta ar bhonn níos soiléire agus dá réir sin chuirfidís tuilleadh soiléire ar fáil maidir leis na coimircí is infheidhme agus cearta na n-oibreoirí lena mbaineann.

Ina theannta sin, soiléiríonn an togra go mbainfidh na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 883/2013, agus i ngníomhartha eile an Aontais, leis na seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Áirítear leis sin na cearta in aghaidh féin-ionchuirthe, cúnaimh a fháil ó dhuine a roghnaigh na daoine lena mbaineann féin, agus teanga an Bhallstáit ina bhfuil an tseiceáil á déanamh a úsáid. Beidh feidhm ag tuilleadh ráthaíochtaí nuair a bheidh cúnaimh ó údaráis náisiúnta riachtanach le haghaidh an tseiceáil a dhéanamh má chuireann oibreoir eacnamaíoch ina aghaidh sin, nó i gcásanna eile nuair a thabharfaidh údaráis na mBallstát cúnaimh do OLAF i gcreat seiceála. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag an dlí náisiúnta, ráthaíochtaí nós imeachta san áireamh, i gcomhthéacs dhualgas ginearálta na mBallstát chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíocht OLAF éifeachtach.

D'fhéadfadh malartú sonraí pearsanta bheith de dhíth le haghaidh an chomhair idir OLAF agus OIPE, agus le haghaidh forálacha nua maidir le cúnaimh ó na húdaráis náisiúnta chun rochtain a fháil ar shonraí bainc agus le haghaidh comhar le Eurofisc. Feidhmeoidh OLAF forálacha Rialachán Uimh. 45/2001 le haistrithe sin. D'fhonn an cleachtadh reatha a léiriú, agus an chosaint sonraí a threisiú, mionathraíonn an togra Airteagal 10(4), sa chaoi gur féidir le OLAF oifigeach cosanta sonraí a cheapadh, d'fhonn oibleagáid a dhéanamh de sin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ann do bhuiséad an Aontais de bhun na leasuithe atá molta don Rialachán.

5. EILIMINTÍ EILE

Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr, níl aon ghá ann plean cur chun feidhme a ullmhú do Rialachán.

Maidir le OIPE a chur ar bun agus módúlachtaí mionsonraithe an chomhoibrithe oibríochta a shainiú, ní mór socruithe oibre idir OLAF agus OIPE a chur i gcrích.

Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

I. Caidreamh le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

Prionsabail ghinearálta

Leagtar amach prionsabail ghinearálta an chaidrimh idir OLAF agus OIPE in Airteagal 1(4A) agus in Airteagal 12g. Is iad atá in Airteagal 101 de Rialachán 2017/1939 ina leagtar síos go mbeidh caidreamh dlúth agus comhlántach de dhíth ionas go n-úsáidfear na modhanna go léir atá ar fáil chun buiséad an Aontais a chosaint. Foráiltear maidir le socruithe oibre ós rud é go mbeidh gá leo chun módúlachtaí nithiúla an chomhoibrithe agus an mhalartaithe faisnéise a shonrú.

Tuairisciú do OIPE

Cuimsíonn Airteagal 12c oibleagáid ar OLAF aon iompar ar a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú a thuairisciú do OIPE gan moill mhíchúí, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán 2017/1939. Ba cheart an tuarascáil íosmhéid faisnéise ó Airteagal 24 de Rialachán 2017/1939 a chuimsiú. Cuirtear ar chumas OLAF réamh-mheastóireacht ar fhaisnéis isteach a dhéanamh, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthrófar do OIPE cuí-réasúnaithe go leordhóthanach agus go gcuimseofar inti na gnéithe riachtanacha. Léiríonn Airteagal 12c an fhoráil i Rialachán 2017/1939 go bhféadfadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaíochtaí an Aontais a iarraidh ar OLAF an fíorú sin a dhéanamh thar a gceann.

Dúbláil imscrúduithe a sheachaint, tacaíocht do OIPE agus imscrúduithe comhlántacha

Léiríonn Airteagal 12d Airteagal 101(2) de Rialachán 2017/1939, lena bhforáiltear nach seolfadh OLAF imscrúdú comhuaineach ar na fíricí céanna atá mar ábhar imscrúdaithe ag OIPE. Bunaíonn sé sásra comhairliúcháin freisin ionas gur féidir a fháil amach an bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE.

Cuimsíonn Airteagal 12e na rialacha nós imeachta sonracha is infheidhme d'iarrataí ó OIPE chuig OLAF chun gníomhaíocht OIPE a thacú nó a chomhlánú i gcomhréir le hAirteagal 101(3) de Rialachán 2017/1939.

Foráiltear in Airteagal 12f, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, d'fhonn deis a thabhairt bearta réamhchúraim a ghlacadh, nó gníomhaíocht airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh, gur féidir le OLAF imscrúdú riaracháin a sheoladh nó a leanúint d'fhonn imscrúdú coiriúil atá á dhéanamh ag OIPE a chomhlánú. Tá sin ag teacht le Rialachán 2017/1939, lena sonraítear gur cheart na hacmhainní ar fad atá ar fáil a úsáid chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint (Airteagal 101(1) agus nár cheart an riail um dhúbláil a sheachaint dochar a dhéanamh do chumhacht OLAF imscrúdú riaracháin a thosú dá thionscnamh féin, i

ndlúthchomhairle le OIPE (aithris 103). Leis an bhforáil sin is féidir imscrúduithe riaracháin nach bhfuil dírithe ar a fháil amach faoi cé hiad gnéithe féideartha ciona choiriúil, ach atá dírithe ar aisghabháil a áirithiú, nó ar ullmhúchán le haghaidh bearta riaracháin nó araíonachta. Áirítear ar na cásanna inar féidir gníomhaíocht OIPE a chomhlánú le beart riaracháin ar bhonn fóna an méid a leanas; aisghabháil riaracháin nuair a bhíonn riosca go mbeadh cosc ama ann nó nuair a bhíonn na méideanna i gceist thar a bheith mór, nó an gá tuilleadh caiteachais a sheachaint i gcásanna riosca le bearta riaracháin.

D'fhonn éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúisimh OIPE a chosaint, cuireann Airteagal 12f ar chumas OIPE agóid a dhéanamh má dhéanann OLAF imscrúdú a sheoladh nó má leanann sí ar aghaidh le himscrúdú nó má dhéantar bhearta áirithe an de chuid an imscrúdaithe sin. Tá an deis sin comhsheasmhach le hAirteagal 101(3) de Rialachán 2017/1939, ós ionann easnamh agóide ón OIPE sna cásanna sin, i dtéarmaí feidhmiúla, agus iarraidh arna déanamh de bhun na forála.

Forálacha eile

Tá roinnt oiriúnuithe ar fhorálacha de chuid Rialachán Uimh. 883/2013 atá ann cheana molta chun bunú OIPE (Airteagail 8(1) agus (4), 9(4), 16, 17(5) agus (8)) a chur san áireamh.

II. Éifeachtacht fheidhm imscrúdaitheach OLAF a fheabhsú

Seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair agus cúnamh ó údarais náisiúnta

Is é aidhm an togra deireadh a chur le doiléireachtaí agus bacainní a léiríodh sa mheastóireacht trí na tagairtí don dlí náisiúnta a leagan amach ar dhóigh níos fearr, chun a áirithiú go ndéanfaidh OLAF a chumhacht seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh a fheidhmiú ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos comhlántaí, gan an dóigh a bhfeidhmíonn an Rialachán maidir leis na Ballstáit a athrú.

Soiléiríonn an leasú ar Airteagal 3 go bhfuil an dóigh a ndéanann OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcás nach gcuireann oibreoirí eacnamaíocha in aghaidh seiceáil OLAF, faoi réir dhlí an Aontais amháin (Rialachán uimh. 883/2013 agus Uimh. 2185/1996). Áirítear leis sin ráthaíochtaí nós imeachta Rialachán Uimh. 883/2013 agus Rialachán Uimh. 2185/1996, a soiléirítear a bhfeidhmiú i gcomhthéacs seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair in Airteagal 3(5). I gcás nach gcomhoibreoidh oibreoir eacnamaíoch agus ina mbeidh ar OLAF brath ar na húdarais náisiúnta, nó cúnamh a fháil uathu ar chúiseanna eile, coimeádtar an prionsabal in Airteagal 3(7) agus 7(3) go gcuirfear an cúnamh sin ar fáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Foráiltear in Airteagal 3(3) maidir le dualgas oibreoirí eacnamaíocha comhoibriú le OLAF i gcúrsa a himscrúduithe.

Is soiléirithe iad na leasuithe sin ar Airteagal 3, maidir leis an dlí is infheidhme i dtaobh dhéanamh na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir le léirmhíniú Rialachán Uimh. 883/2013 a thugann an Chúirt Ghinearálta ina rialú a rinneadh le déanaí an 3 Bealtaine 2018 i gcás T-48/16, *Sigma Orionis SA v An Coimisiún Eorpach*¹. Rialaigh an Chúirt, in éagmais aon chur i gcoinne ón oibreoir eacnamaíoch, go ndéanann OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar bhonn Rialachán Uimh. 883/2013 agus Rialachán Uimh. 2185/1996, agus ar bhonn údarú i scríbhinn ó Ard-Stiúrthóir OLAF. Tugtar tús áite do dhlí an Aontais seachas don dlí náisiúnta maidir le hábhar ar bith a rialaítear le Rialachán Uimh. 883/2013 nó le Rialachán Uimh. 2185/1996. Ina theannta sin, is cinneadh de chuid na Cúirte nach gcuimsítear sna forálacha (i Rialachán Uimh. 2185/1996) maidir le cur i gcoinne féideartha ón oibreoir eacnamaíoch ar a ndéantar seiceáil go bhfuil ‘ceart chun cur i gcoinne’ ann, níl ann ach foráil shimplí maidir leis an iarmhairt go bhféadfaí an tseiceáil a bhrú orthu le

¹ Níl tuairisc ina leith tugtha go fóill. Féach ar na míreanna idir 73-118 go huile.

cúnamh ó na húdaráis náisiúnta (ar bhonn an dlí náisiúnta). Maidir leis na ráthaíochtaí nós imeachta, meabhraíonn an Chúirt go bhfuil sé ina cheangal ar OLAF urraim a thabhairt do chearta bunúsacha de réir mar atá leagtha síos i ndlí an Aontais, go háirithe sa Chairt.

Tá sé i gceist le leasuithe ar Airteagal 8(2) agus (3) agus 12(3) éifeachtacht bhearta OLAF a áirithiú, i gcásanna ina ndéanann an Rialachán tagairt d'fheidhmiú an dlí náisiúnta.

Faisnéis cuntas bainc

Leasaítear Airteagal 7(3) chun dualgas na mBallstát cúnamh a thabhairt d'OLAF a shoiléiriú trí fhaisnéis cuntas bainc a tharchur. D'fhonn éifeachtacht imscrúduithe OLAF a mhéadú, ba cheart an fhaisnéis faoi shealbhóirí cuntais bhainc atá cuimsithe i gcláir cuntas bainc láraithe náisiúnta nó i gcórais aisghabhála sonraí sna Ballstáit (an 5^ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid, arna comhaontú ag comhrechtóirí an Aontais i mí na Nollag 2017), ba cheart an fhaisnéis sin a chur san áireamh. Sna cásanna sin ina mbeidh an t-eolas sin de dhíth nuair a dhéanfar *modus operandi* na calaoise a imscrúdú, ba cheart faisnéis faoi idirbhearta airgeadais a tharchur. Coimeádfar an prionsabal atá cuimsithe sa Rialachán cheana go gcuirfear an cúnamh sin ar fáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

CBL

Soiléirítear Airteagal 3(1) chun a áirithiú go mbeidh seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar fáil do OLAF i ngach réimse dá shainordú. Ina theannta sin, ar mhaithe le comhar éifeachtúil leis na Ballstáit, cuireann an leasú ar Airteagal 12(5) ar chumas OLAF faisnéis a mhalartú le líonra Eurofisc arna bhunú le Rialachán Uimh. 904/2010.

Inghlacthacht fianaise arna bailiú ag OLAF

Coimeádann an leasú ar Airteagal 11(2) prionsabal an chomhionannais i dtaobh na rialacha is infheidhme maidir leis na tuarascálacha riaracháin arna ndréachtú ag cigirí riaracháin náisiúnta i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla. Tugann sé prionsabal um inghlacthacht thuarascálacha OLAF isteach - ar an aon choinníoll amháin go mbeidís faoi réir fíorú barántúlachta - in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair chúirteanna an Aontais agus na gcúirteanna náisiúnta, agus in imeachtaí riaracháin sna Ballstáit. Faoi dheoidh, foráiltear san fhoráil maidir le hinghlacthacht na dtuarascálacha in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar leibhéal an Aontais. Cuirfidh sin feabhas ar úsáid éifeachtach thorthaí imscrúduithe OLAF gan aon chur isteach, áfach, ar an measúnú ar fhianaise sin.

Seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise

Sonraítear in Airteagal 12a freisin ról na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go gcuirfear an cúnamh ar fáil do OLAF a bhíonn ag teastáil uaithi ionas go mbeidh a gcuid imscrúduithe éifeachtach. Is inniúlacht de chuid gach Ballstáit a eagrúchán agus a chumhachtaí fós. D'fhéadfadh na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise tacú le OLAF maidir le himscrúduithe seachtracha agus inmheánacha agus maidir le gníomhaíochtaí comhordúcháin, agus comhordú a dhéanamh eatarthu féin.

Gníomhaíochtaí comhordúcháin

Tugann Airteagal 12b foráil nua isteach ina sonraítear na gníomhaíochtaí comhordúcháin ar féidir le OLAF iad a dhéanamh.

III. Soiléiriú agus simpliú

Déanann an leasú ar Airteagal 4(2) déanamh oibríochtaí fóiréinseacha digiteacha a chur in oiriúint do dhul chun cinn teicneolaíoch.

Cuireann na leasuithe ar Airteagal 3(9), Airteagal 11(3) agus ar Airteagal 12(1) le comhleanúnachas na rialacha maidir le himscrúduithe inmheánacha agus seachtracha.

Soiléirítear sa leasú ar Airteagal 7(6) go bhféadfadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais dul i gcomhairle le OLAF tráth ar bith d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir le bearta réamhchúraim.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 325 de, i dteannta leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Nuair a ghlac sé Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle⁴, neartaigh an tAontas na hacmhainní atá ar fáil chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí bhíthin an dlí choiriúil. Beidh an chumhacht ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) imscrúduithe coiriúla a dhéanamh agus daoine a chúiseamh maidir le cionta coiriúla a chuireann isteach ar bhuiséad an Aontais, de réir mar atá sainithe i dTreoir (AE) 2017/1371, sna Ballstáit rannpháirteacha.
- (2) Déanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (“an Oifig”) imscrúduithe riaracháin ar neamhrialtachtaí riaracháin agus ar iompar coiriúil. Ag deireadh a cuid imscrúduithe, d'fhéadfadh sé moltaí breithiúnacha a dhéanamh do na húdaráis ionchúisimh náisiúnta, lena mbainfeadh an aidhm cúisithe agus ionchúisimh sna Ballstáit a chumasú. Sa todhchaí, sna Ballstáit atá rannpháirteach le OIPE, tuairisceoidh sí cionta coiriúla amhrasta do OIPE, agus comhoibreoidh sí léi i gcomhthéacs a himscrúduithe.
- (3) Dá réir sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a leasú tar éis Rialachán (AE) 2017/1939 a ghlacadh. Ba

² IO C [...], [...], lch. [...].

³ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

⁴ Rialachán ón gComhairle (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘EPPO’) (IO L 293, 31.10.2017, lch. 1).

⁵ Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle, (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

cheart na forálacha lena rialaítear an caidreamh idir OIPE agus an Oifig i Rialachán (AE) 2017/1939 a léiriú agus a chomhlánú de bhun na rialacha i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 chun an leibhéal is mó cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a áirithiú trí shineirgíochtaí idir an dá chomhlacht.

- (4) Ag féachaint dá gcuspóir comhchoiteann sláine bhuiséad an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Oifig agus do OIPE dlúthchaidreamh a bhunú agus a choimeád bunaithe ar chomhar dílís agus é mar aidhm leis comhlántacht a gcuid sainordaithe faoi seach agus comhordú a mbeart a áirithiú, go háirithe maidir le raon feidhme an chomhair fheabhsaithe le haghaidh OIPE a bhunú. I ndeireadh na dála, ba cheart an caidreamh cuidiú a thabhairt lena áirithiú go n-úsáidfear gach acmhainn chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus dúbláil neamhriachtanach iarrachtaí a sheachaint.
- (5) Tá ar an Oifig, agus ar na hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais agus ar na húdaráis náisiúnta inniúla, de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, iompar coiriúil a thuairisciú do OIPE gan aon mhoill ionas gur féidir le OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú. Ós é sainordú na hOifige é imscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar chialais, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chuireann isteach ar leas airgeadais an Aontais, tá sí sáoiriúnach do bheith ag feidhmiú mar chomhpháirtí nádúrtha agus mar fhoinsé phribhléideach faisnéise do OIPE agus tá sé d'acmhainn aici sin a dhéanamh.
- (6) D'fhéadfadh gnéithe lena léireofaí gurbh fhéidir go raibh iompar coiriúil ar siúl a thiocthadh faoi inniúlacht OIPE, go praiticiúil, a bheith sna líomhaintí tosaigh a fhaigheann an Oifig nó tharlódh nach dtiocfaidís chun cinn ach amháin le linn imscrúdú riaracháin arna sheoladh ag an Oifig bunaithe ar amhras maidir le neamhrialtacht riaracháin. D'fhonn a dualgas tuairisc do OIPE a chomhlíonadh, ba cheart don Oifig, dá réir an cháis, iompar coiriúil a thuairisciú tráth ar bith sula ndéantar imscrúdú nó lena linn.
- (7) Sonraítear i Rialachán (AE) 2017/1939 na gnéithe íosta, gnéithe ba cheart a bheith cuimsithe i dtuarascálacha de ghnáth. Is féidir go mbeidh ar an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh ar líomhaintí chun na gnéithe sin a fháil amach agus an fhaisnéis riachtanach a bhailiú. Ba cheart don Oifig an mheastóireacht a dhéanamh chomh tapa agus is féidir le modhanna nach gcuirfeadh imscrúdú coiriúil a dhéanfaí amach anseo i mbaol. Tar éis chur i gcrích a meastóireachta, ba cheart di tuairisciú do OIPE má tá amhras ann go bhfuil cion atá faoina hinniúlacht sainaitheanta.
- (8) Ag breithniú ar shaineolas na hOifige, ba cheart an rogha a bheith ann instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais leas a bhaint as an Oifig chun réamh-mheastóireacht den chineál sin a dhéanamh ar líomhaintí arna dtuairisciú dóibh.
- (9) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, níor cheart don Oifig, i bprionsabal, imscrúdú riaracháin a sheoladh i gcomhthráth le himscrúdú arna dhéanamh ag OIPE ar na fíricí céanna. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint go ndéanfadh an Oifig imscrúdú riaracháin comhlántach sula gcuirfí deireadh le himeachtaí coiriúla arna dtionscnamh ag OIPE d'fhonn a fháil amach an bhfuil bearta réamhchúraim riachtanach, nó ar cheart bearta airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh. D'fhéadfadh sé gurbh iomchuí na himscrúduithe comhlántacha a dhéanamh, *inter alia*, nuair is gá sin chun méideanna atá iníoctha le buiséad an Aontas a aisghabháil faoi réir rialacha sonracha lena mbaineann teorainn ama, nuair a bheidh na méideanna i mbaol thar a bheith mór, nó nuair a bheidh sé riachtanach tuilleadh caiteachais i gcásanna riosca a sheachaint trí bhearta riaracháin.

- (10) Forálann Rialachán (AE) 2017/1939 go bhféadfadh OIPE imscrúduithe comhlántacha den chineál sin a iarraidh ar an Oifig. I gcásanna nach n-iarraídh OIPE é, ba cheart imscrúdú comhlántach a bheith indéanta ar thionscnamh na hOifige, faoi choinníollacha áirithe. Go háirithe, ba cheart an deis a bheith ag OIPE agóid a dhéanamh maidir le seoladh imscrúdaithe nó leanúint ar aghaidh le himscrúdú a dhéanadh an Oifig, nó maidir le feidhmíocht beart sonracha imscrúdaithe a dhéanadh sí. Ba cheart cúiseanna na hagóide sin a bheith bunaithe ar an ngá éifeachtacht imscrúdú IOPE a chosaint agus iad comhréireach leis an aidhm sin. Ba cheart don Oifig staonadh ó bheart a fheidhmiú a bhfuil agóid déanta ag OIPE ina leith. Mura ndéanfaídh OIPE agóid, ba cheart imscrúdú na hOifige a dhéanamh i ndlúthchomhairle le OIPE.
- (11) Ba cheart don Oifig tacaíocht ghníomhach a thabhairt do OIPE lena cuid imscrúduithe. Maidir leis sin, d'fhéadfadh OIPE a iarraidh ar an Oifig a cuid imscrúduithe coiriúla a thacú nó a chomhlánú trí na cumhachtaí faoin Rialachán seo a chleachtadh. Sna cásanna sin ba cheart don Oifig na hoibríochtaí sin a fheidhmiú faoi réir teorainneacha a cumhachtaí féin agus laistigh den chreat dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (12) D'fhonn comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Oifig agus OIPE, ba cheart faisnéis a mhalartú eatarthu ar bhonn leanúnach. Tá malartú faisnéise sna céimeanna roimh sheoladh na n-imscrúduithe a dhéanfaídh an Oifig agus OIPE thar a bheith ábhartha chun comhordú iomchuí a áirithiú idir na bearta faoi seach agus chun dúbailt a sheachaint. Ba cheart don Oifig agus do OIPE módúlachtaí agus coinníollacha an mhalartaithe faisnéise sin a shonrú ina gcuid socruithe oibre.
- (13) Socraíodh sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Meastóireacht ar fheidhmiú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013⁶, a glacadh an 2 Deireadh Fómhair 2017, gur chothaigh athruithe 2013 ar an gcreat dlíthiúil feabhsúcháin shoiléire, maidir le déanamh imscrúduithe, comhar le comhpháirtithe agus cearta na ndaoine lena mbaineann. San am céanna, rinneadh aibhsiú sa mheastóireacht ar roinnt easnamh a chuireann isteach ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht imscrúduithe.
- (14) Tá sé riachtanach dul i ngleic leis na cinntí is neamh-dhébhriche de mheastóireacht an Choimisiúin trí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a leasú. Is athruithe ríthábhachtacha iad sin atá riachtanach sa ghearrthéarma chun an creat le haghaidh imscrúduithe OLAF a neartú, d'fhonn Oifig láidir lánfheidhmiúil a chothabháil lena gcomhlánaítear cur chuige dhlí coiriúil OIPE le himscrúduithe riaracháin, ach nach gcuimsíonn athrú ar an sainordú ná ar na cumhachtaí. Baineann siad go príomha le réimsí ina gcuireann easpa soiléireachta an Rialacháin bac ar an Oifig imscrúduithe éifeachtacha a dhéanamh faoi láthair, amhail seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, an fhéidearthacht rochtain a fháil ar fhaisnéis cuntas bainc, nó inghlacthacht mar fhianaise na gcás-tuarascálacha arna ndréachtú ag an Oifig.
- (15) Ní imríonn na hathruithe sin tionchar ar na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme i gcreat imscrúduithe. Tá ceangal ar an Oifig ráthaíochtaí nós imeachta Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle⁷ mar aon leis na ráthaíochtaí atá sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

⁶ COIM(2017) 589. Ag gabháil leis an tuarascáil sin bhí Doiciméad Inmheánach Oibre um meastóireacht, SWD(2017) 332, mar aon le Tuairim ó Choiste Maoirseachta na hOifige, Tuairim 2/2017.

⁷ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile, IO L 292, 15.11.1996, lch. 2–5

a fheidhmiú. Ceanglaíonn an creat ar an Oifig a himscrúdú a dhéanamh go hoibiachtúil, go neamhchlaonta agus faoi rún, fianaise ar son agus in aghaidh an duine lena mbaineann a lorg, agus bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh ar bhonn údarú i scríbhinn tar éis seiceáil um dhlíthiúlacht. Ní mór don Oifig a áirithiú go dtabharfar urraim do chearta daoine atá bainteach lena cuid imscrúduithe, lena n-áirítear toimhde na neamhchiontacha agus an ceart féin-ionchoiriú a sheachaint. Nuair a chuirfear agallamh orthu, tá na cearta, *inter alia*, ag na daoine lena mbaineann cúnamh a fháil ó dhuine a roghnaigh siad féin, chun taifeadadh an agallaimh a fhormheas, agus chun aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais a úsáid. Tá an ceart ag daoine lena mbaineann barúil a thabhairt maidir le fíricí an cháis sula ndéanfar cinntí.

- (16) Déanann an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair lena féidir léi rochtain a fháil ar áitreabh agus ar dhoiciméadúchán oibreoirí eacnamaíocha i gcreat a cuid imscrúduithe ar chalaos amhrasta, ar éilliú nó ar iompar neamhdhleathach eile a chuireann isteach ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Déantar iad sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, a chiallaíonn i roinnt cásanna go mbíonn feidhmiú na gcumhachtaí sin faoi réir choinníollacha an dlí náisiúnta. Fuarthas amach i meastóireacht an Choimisiúin nach sonraítear i gcónaí a infheidhme agus atá an dlí náisiúnta, agus dá réir sin go gcuirtear bac ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige.
- (17) Is iomchuí dá réir sin na teagmhais ar cheart don dlí náisiúnta a bheith infheidhme maidir leo le linn imscrúduithe na hOifige a shoiléiriú, gan na cumhachtaí atá ar fáil don Oifig a athrú ná an dóigh a bhfeidhmítear an Rialachán i leith na mBallstát a athrú. Léiríonn an soiléiriú sin an rialú le déanaí ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-48/16, *Sigma Orionis SA v An Coimisiún Eorpach*.
- (18) Ba cheart seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanfadh an Oifig, i gcásanna ina ngéillfidh an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann don tseiceáil, a bheith faoi réir dhlí an Aontais amháin. Ba cheart gurbh fhéidir leis an Oifig, dá bhrí sin, a cumhachtaí imscrúdaitheacha a fheidhmiú go héifeachtach comhleanúnach i ngach Ballstát, d'fhonn rannchuidiú le hardleibhéal cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh ar fud an Aontais, de réir mar is gá in Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (19) I gcásanna inar gá don Oifig brath ar chúnamh ó na húdaráis inniúla náisiúnta, go háirithe i gcásanna ina gcuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch i gcoinne seiceáil agus cigireacht ar an láthair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bearta na hOifige éifeachtach, agus an cúnamh riachtanach a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha ábhartha an dlí nós imeachta náisiúnta.
- (20) Ba cheart dualgas ar oibreoirí eacnamaíocha oibriú i gcomhar leis an Oifig a thabhairt isteach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Tá sé sin de réir a n-obleagáide faoi Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 teacht ar áitreabh, ar thalamh, ar mhodhanna iompair nó ar limistéir eile, arna n-úsáid chun críocha gnó, a dhámhachtain chun seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, agus de réir oibleagáid Airteagal 129⁸ den Rialachán Airgeadais go gcomhoibreoidh aon duine nó aonán a fhaigheann cistí ón Aontas go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe na hOifige.

⁸ Cuirfear Airteagal 129 isteach i Rialachán (AE) 2018/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán Airgeadais nua), ar baineadh comhaontú polaitiúil amach ina leith agus a bhfuil ionchas ann go nglacfar leis sna míonna beaga seo.

- (21) Mar chuid dá dhualgas comhoibrithe, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha ar féidir gur bhain an cás atá á imscrúdú leo, nó a d'fhéadfadh faisnéis ábhartha a bheith acu, faisnéis ábhartha a chur ar fáil. Nuair a atá siad ag freagairt d'iarrataí den chineál sin, níl an oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha a admháil go bhfuil gníomhaíocht neamhdhleathacha déanta acu, ach tá an oibleagáid orthu ceisteanna fíorasacha a fhreagairt agus doiciméid a chur ar fáil, fiú más féidir an fhaisnéis sin a úsáid lena chinneadh go raibh siad nó oibreoir eacnamaíoch eile páirteach i ngníomhaíocht neamhdhleathach.
- (22) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha aon cheann de na teangacha oifigiúla sa Bhallstát ina reáchtáiltear an tseiceáil a úsáid, mar aon leis an gceart cúnaimh a fháil ó dhuine a roghnaigh siad féin, lena n-áirítear abhcóide seachtrach, le linn seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Níor cheart é a bheith ina choinníoll go mbeadh abhcóide i láthair, sular féidir seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a bheith bailí. D'fhonn éifeachtacht na seiceálacha agus na gcigireachtaí ar an láthair a áirithiú, go háirithe maidir leis an riosca go rachadh fianaise ar iarraidh, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig rochtain a fháil ar áitreabh, talamh, modhanna iompair nó limistéir eile a úsáidtear chun críocha gnó gan fanacht go dtí go rachaidh an t-oibreoir i gcomhairle lena abhcóide. Níor cheart ach go nglacfadh sí le moill ghearr réasúnach ag feitheamh le comhairliúchán le habhcóide sula gcuirfear tús le haon seiceáil. Ní mór d'aon mhoill den chineál sin cloí a bheith chomh gairid agus is féidir.
- (23) Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart don Oifig, agus seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair á ndéanamh acu, faisnéis iomchuí a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir lena ndualgas comhoibriú agus na hiarmhairtí a bheidh ann má dhiúltaíonn siad sin a dhéanamh, agus i leith an nós imeachta is infheidhme maidir leis na seiceála, lena n-áirítear na coimircí nós imeachta is infheidhme.
- (24) Bíonn rochtain ag an Oifig, le linn imscrúduithe inmheánacha agus, nuair is gá, le linn imscrúduithe seachtracha ar aon fhaisnéis ábhartha atá ag na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí. Tá sé riachtanach, de réir mar atá molta i meastóireacht an Choimisiúin, a shoiléiriú go mbeidh an rochtain sin indéanta beag beann ar na meáin ar a bhfuil an fhaisnéis nó na sonraí sin stóráilte, d'fhonn a bheith bord ar bhord leis an dul chun cinn teicneolaíoch éabhlóideach.
- (25) Ionas go mbeidh creat níos comhlántaí ann le haghaidh imscrúduithe na hOifige, ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe inmheánacha agus seachtracha a ailíniú a thuilleadh, d'fhonn dul i ngleic le neamhréireachtaí áirithe arna sainiú i meastóireacht an Choimisiúin, sa chás nach bhfuil bonn cirt le rialacha atá éagsúil le chéile. Ba cheart go mba amhlaidh an cás, mar shampla, ionas gur féidir tuarascálacha agus moltaí arna ndréachtú tar éis imscrúdú seachtrach a sheoladh chuig an instiúid, an gcomhlacht, an oifig nó an ngníomhaireacht lena mbaineann ionas go bhféadfadh sí gníomh cuí a ghlacadh, faoi mar a tharlaíonn in imscrúduithe inmheánacha. Nuair is féidir agus i gcomhréir lena sainordú, ba cheart go dtacódh an Oifig leis an instiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ngníomhaireacht lena mbaineann san athleanúint ar a moltaí. Chun comhar idir an Oifig agus na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí a áirithiú a thuilleadh, ba cheart go gcuirfeadh an Oifig in iúl, nuair is gá, d'instiúid, do chomhlacht, d'oifig nó do ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais nuair a chinneann sí gan imscrúdú seachtrach a oscailt, mar shampla nuair a bheadh instiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais ina foinse den fhaisnéis tosaigh.

- (26) Ba cheart don Oifig fáil réidh leis na hacmhainní riachtanacha chun an lorg airgid a leanúint d'fhonn *modus operandi* atá a úsáidtear go minic in an-chuid seifteanna calaoiseacha. Sa lá atá inniú ann, tá sí in ann faisnéis bhaincéireachta a fháil atá ábhartha dá gníomhaíocht imscrúdaitheach atá i seilbh institiúidí creidmheasa i roinnt Ballstát, mar gheall ar chomhar agus cúnamh na n-údarás náisiúnta. Chun cur chuige éifeachtach ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart a shonrú sa Rialachán cén dualgas atá ar na húdarás náisiúnta inniúla i leith faisnéis faoi chuntais bhainc agus cuntais íocaíochtaí a chur ar fáil don Oifig, mar chuid dá dhualgas ginearálta cúnamh a thabhairt di. Ba cheart an comhoibriú sin a reáchtáil, de ghnáth, trí na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais sna Ballstáit. Agus iad ag tabhairt an chúnamh sin don Oifig, ba cheart do na húdarás náisiúnta feidhmiú i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí nós imeachta dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.
- (27) Tarchur luath faisnéise na hOifige le haghaidh bearta réamhchúraim a ghlacadh mar uirlis ríthábhachtach le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint. D'fhonn dlúthchomhar ar an ábhar sin a áirithiú idir an Oifig agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, is iomchuí go mbeidh an deis acu sin dul i gcomhairle leis an Oifig tráth ar bith d'fhonn aon bheart réamhchúraim iomchuí a shocrú, lena n-áirítear bearta chun fianaise a chosaint.
- (28) Is fianaise inghlactha in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha iad tuarascálacha arna ndréachtú ag an Oifig sa dóigh chéanna agus de réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann leis na tuarascálacha riaracháin arna ndréachtú ag na cigirí riaracháin náisiúnta. Fuarthas amach i meastóireacht an Choimisiúin nach n-áirithíonn an riail sin go leordhóthanach éifeachtacht ghníomhaíochtaí na hOifige. D'fhonn éifeachtacht agus úsáid chomhsheasmhach thuarascálacha na hOifige a mhéadú, ba cheart foráil maidir le hinghlacthacht tuarascálacha den chineál sin in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair cúirteanna náisiúnta, agus in imeachtaí riaracháin agus sna Ballstáit a dhéanamh sa Rialachán. Ba cheart feidhm a bheith i gcónaí ag an riail lena bhforáiltear maidir le comhionannas le tuarascálacha cigirí riaracháin náisiúnta i gcás imeachtaí breithiúnacha de chineál coiriúil. Ba cheart go mbeadh foráil sa Rialachán maidir le hinghlacthacht na dtuarascálacha arna ndréachtú ag an Oifig in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar leibhéal an Aontais.
- (29) Áirítear le sainordú na hOifige cosaint ar ioncain bhuiséad an Aontais a eascraíonn as a acmhainní CBL féin. Ba cheart go mbeadh an Oifig in ann, sa réimse sin, gníomhaíochtaí na mBallstát a thacú agus a chomhlánú trí imscrúduithe arna ndéanamh i gcomhréir lena sainordú, údarás náisiúnta inniúla a chomhordú i gcásanna casta trasnáisiúnta, agus tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do OIPE. Chun na críche sin, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig faisnéis a mhalartú trí líonra Eurofisc arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle⁹ d'fhonn comhar sa chomhrac in aghaidh chalaois CBL a chur chun cinn agus a éascú.
- (30) Tugadh seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise na mBallstát isteach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 chun comhar éifeachtach agus malartú faisnéise a éascú, lena n-áirítear faisnéis de chineál oibríochtúil, idir an Oifig agus na Ballstáit. Ba é conclúid na meastóireachta gur rannchuidigh siad go deimhneach le hobair na hOifige. Sainithníodh an gá a ról a shoiléiriú a thuilleadh d'fhonn a áirithiú go gcuirfean an cúnamh riachtanach ar fáil don Oifig lena áirithiú go mbeidh a cuid imscrúduithe

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac sa réimse maidir le cáin bhreisluacha, IO L 268, 12.10.2010, lch. 1–18.

éifeachtach, agus an t-eagrúchán agus cumhachtaí na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise a fhágáil faoi gach Ballstát. Maidir leis sin, ba cheart an deis a bheith ag na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise an cúnamh atá ag teastáil ón Oifig chun a cuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach a chur ar fáil, a fháil nó a chomhordú, i gcás imscrúdú seachtrach nó inmheánach a dhéanfar roimh an imscrúdú, lena linn nó ag a dheireadh.

- (31) Tá dualgas na hOifige cúnamh a chur ar fáil do Bhallstáit d'fhonn a mbearta a chomhordú le haghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint ina phríomhghné dá sainordú i leith tacú le comhar trasteorann idir na Ballstáit. Ba cheart rialacha níos mionsonraithe a leagan síos d'fhonn gníomhaíochtaí comhordúcháin na hOifige agus a comhar a éascú sa chomhthéacs sin le húdarais na mBallstát, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart na rialacha sin a bheith gan dochar don Oifig na cumhachtaí arna mbronnadh ar an gCoimisiún a fheidhmiú i bhforálacha sonracha lena rialáitear cúnamh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus comhar idir na húdarais sin agus an Coimisiún, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle¹⁰.
- (32) Ina theannta sin, ba cheart an deis a bheith ag an Oifig cúnamh ó sheirbhísí comhordaithe frith-chalaoise a iarraidh i gcomhthéacs gníomhaíochtaí comhordúcháin, agus an deis a bheith ag na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise oibriú i gcomhar eatarthu féin, ionas gur féidir na sásraí atá ar fáil athreisiú a thuilleadh don chomhar sa chomhrac in aghaidh na calaoise.
- (33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, mar atá cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a neartú trí oibríocht na hOifige a chur in oiriúint do bhunú OIPE agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige a fheabhsú, a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais trí rialacha lena rialáitear an caidreamh idir an dá oifig sin de chuid an Aontais a ghlacadh agus éifeachtacht dhéanamh na n-imscrúduithe ag an Oifig a fheabhsú ar fud an Aontais, d'fhéadfadh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais.
- (34) Níl sé i gceist leis an Rialachán seo cumhachtaí ná freagrachtaí na mBallstát a mhionathrú maidir le bearta a ghlacadh chun calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.
- (35) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus thug sé tuairim maidir le ...¹².

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údarais riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfean an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart, IO L 82, 22.3.1997, lch. 1–16.

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

(36) Ba cheart, dá bhri sin, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a leasú dá réir,
TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach mír 4a mar a leanas:

"4a. Déanfaidh an Oifig dlúthchaidreamh a bhunú agus a choimeád le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') a bheidh bunaithe ar chomhar feabhsaithe faoi Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle¹³. Beidh an caidreamh sin bunaithe ar chomhar frithpháirteach agus ar mhalartú faisnéise. Is é an aidhm a bheidh ann go háirithe a áirithiú go n-úsáidtear na hacmhainní ar fad atá ar fáil chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí chomhlántacht a sainorduithe faoi seach agus tríd an tacaíocht arna cur ar fáil ag an Oifig chuig OIPE.

Rialófar comhoibriú idir an Oifig agus OIPE le hAirteagal 12c go hAirteagal 12f".

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 4:

ciallóidh "(4) imscrúduithe riaracháin' ('imscrúduithe') aon chigireacht, aon seiceáil nó aon bheart eile a dhéanann an Oifig i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4, d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus d'fhonn cineál neamhrialta na ngníomhaíochtaí atá faoi imscrúdú a dhéanamh amach, nuair is gá sin; ní dhéanfaidh na himscrúduithe sin aon difear do chumhachtaí OIPE nó d'údarás inniúla na mBallstát maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnamh.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"Airteagal 3

Imscrúduithe seachtracha

1. Laistigh den raon feidhme arna shainiú in Airteagal 1 agus i bpointe (1) agus pointe (3) d'Airteagal 2, déanfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair sna Ballstáit agus, i gcomhréir leis na comhaontuithe um chomhoibriú agus cúnamh frithpháirteach agus aon ionstraim dlí eile atá i bhfeidhm, i dtríú tíortha agus in áitribh eagraíochtaí idirnáisiúnta.
2. Déanfar seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, a mhéid nach bhfuil cás cumhdaithe faoin Rialachán seo, le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96.
3. Comhoibreoidh oibreoirí eacnamaíocha leis an Oifig le linn a himscrúduithe. D'fhéadfadh an Oifig faisnéis ó bhéal a iarraidh, lena n-áirítear le hagallaimh, agus faisnéis i scríbhinn a iarraidh ar oibreoirí eacnamaíocha.

¹² IO C

¹³ Rialachán ón gComhairle (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair lena gcuirtear comhoibriú feabhsaithe chun feidhme maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('an EPP') (IO L 293, 31.10.2017, lch. 1).

4. Déanfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair tar éis údarú i scríbhinn a thaispeáint, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo agus d'Airteagal 6(1) de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/1996. Cuirfidh sí an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann ar an eolas faoin nós imeachta is infheidhme i leith na seiceála, lena n-áirítear na coimircí nós imeachta is infheidhme, agus dualgas comhoibrithe an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann.
5. Agus í ag úsáid na gcumhachtaí sin, comhlíonfaidh an Oifig na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96. Agus seiceáil agus cigireacht ar an láthair á ndéanamh, beidh an ceart ag an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann gan ráitis fhéin-ionchuirtheacha a dhéanamh agus cúnamh a fháil ó dhuine a roghnaigh sé féin. Agus ráitis á ndéanamh le linn na seiceálacha ar an láthair, tabharfar deis don oibreoir eacnamaíoch aon cheann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil sé lonnaithe a úsáid. Ní chuirfidh an ceart cúnamh a fháil ó a roghnaigh sé féin bac ar rochtain a bheith ag an Oifig ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch, agus ní chuirfidh sé moill mhíchúí ar thús na seiceála.
6. Arna iarraidh sin ag an Oifig, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh is gá ar fáil d'fhoireann na hOifige chun a cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach, de réir mar a shonraítear san údarú scríofa dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, go gceadófar d'fhoireann na hOifige rochtain a fháil ar gach faisnéis agus gach doiciméad a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú agus atá riachtanach chun na seiceálacha agus an chigireacht ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach éifeachtúil, agus go mbeidh sé in ann coimeád doiciméad nó sonraí a ghlacadh orthu féin chun a áirithiú nach mbeidh aon bhaol ann go rachaidh siad ar iarraidh.
7. I gcás ina ngéillfidh an t-oibreoir eacnamaíoch do sheiceáil agus do chigireacht ar an láthair de bhun an Rialacháin seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(4) de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ná ag an tríú fomhír d'Airteagal 6(1) ná Airteagal 7(1) de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, sa mhéid nach mór de réir na bhforálacha sin an dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus d'fhéadfaidís rochtain na hOifige ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadúchán a shrianadh de réir na gcoinníollacha a bhaineann le cigirí riaracháin náisiúnta.

I gcás ina bhfaighidh foireann na hOifige amach go bhfuil oibreoir eacnamaíoch ag cur in aghaidh seiceáil agus cigireacht ar an láthair atá údaraithe de bhun an Rialacháin seo, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an cúnamh dóibh is gá ó na húdaráis forfheidhmithe dlí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ionas gur féidir leis an Oifig a seiceáil nó a cigireacht ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach gan moill mhíchúí.

Agus cúnamh á chur ar fáil aige i gcomhréir leis an mír seo nó le mír 6, feidhmeoidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir le haon riail nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis an údarás inniúil náisiúnta lena mbaineann. Maidir leis an gcúnamh sin, má bhíonn gá le húdarú ó údarás breithiúnach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, déanfar isteach iarratas ar an údarú sin.
8. Mar chuid dá feidhm imscrúdaitheach, déanfaidh an Oifig na seiceálacha agus na cigireachtaí sna Ballstáit, ar seiceálacha agus cigireachtaí iad dá bhforáiltear in

Airteagal 9(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus sna rialacha earnála dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán sin, agus, i gcomhréir leis na comhaontuithe comhair agus cúnaimh fhrithpháirtigh agus le haon ionstraim dlí eile atá i bhfeidhm, i dtríú tíortha agus in áitreabh eagraíochtaí idirnáisiúnta.

9. Le linn imscrúdú seachtrach, féadfaidh an Oifig rochtain a bheith aici ar aon fhaisnéis agus sonraí ábhartha, beag beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, atá ag na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu leis an ábhar atá faoi imscrúdú, i gcás ina mbeidh gá leis d'fhonn a dhéanamh amach an ndearnadh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a rinne dochar do leasanna airgeadais an Aontais. Beidh feidhm ag Airteagal 4(2) agus (4) chun na críche sin.
10. Gan dochar d'Airteagal 12c(1), i gcás ina mbeidh faisnéis á láimhseáil ag an Oifig sula ndéanfar cinneadh an n-osclófar imscrúdú seachtrach agus amhras ann de bhun na faisnéise sin go ndearnadh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a rinne dochar do leasanna airgeadais an Aontais, féadfaidh an Oifig údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann a chur ar an eolas, agus, i gcás ina mbeidh gá leis, na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

Gan dochar do na rialacha earnála dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, áiritheoidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann go ndéanfar beart iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar beart é ar féidir leis an Oifig a bheith páirteach ann. Arna iarraidh sin, cuirfidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoin mbeart a rinneadh agus faoi na torthaí ar ar tháinig siad ar bhonn na faisnéise amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.";

(4) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Le linn imscrúduithe inmheánacha:

- (a) beidh an ceart ag an Oifig rochtain láithreach, gan fógra, a fháil ar aon fhaisnéis agus sonraí ábhartha, beag beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, atá ag na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí, agus ina n-áitreabh. Déanfar an Oifig a chumhachtú cigireacht a dhéanamh ar chuntais na n-instiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí. Féadfaidh an Oifig cóip a dhéanamh d'aon doiciméad nó den mhéid a bheidh ar aon mheán sonraí a bheidh ag na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus gníomhaireachtaí, agus féadfaidh sí sleachta díobh a fháil, agus, más gá, na doiciméid nó na sonraí sin a choimeád ina seilbh chun a áirithiú nach mbeidh an baol ann go rachaidh siad ar iarraidh;
- (b) féadfaidh an Oifig faisnéis ó bhéal, lena n-áirítear le hagallaimh, agus faisnéis i scríbhinn a iarraidh ar oifigigh, seirbhísigh eile, comhaltaí instiúidí nó comhlachtaí, cinn oifige nó gníomhaireachtaí, nó comhaltaí foirne.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir le hAirteagal 3, féadfaidh an Oifig seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh oibreoirí eacnamaíocha d'fhonn rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú inmheánach.";

(c) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Gan dochar d'Airteagal 12c(1), i gcás ina láimhseálfaidh an Oifig faisnéis sula ndéanfar cinneadh an n-osclofar imscrúdú inmheánach agus ina dtabharfar le fios leis an bhfaisnéis sin go ndearnadh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a rinne dochar do leasanna airgeadais an Aontais, féadfaidh an Oifig é sin a chur in iúl don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht lena mbaineann. Arna iarraidh sin, cuirfidh an institiúid, an chomhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoi aon bheart a rinneadh agus faoina cinntí ar bhonn na faisnéise sin.";

(5) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 1:

"Gan dochar d'Airteagal 12d, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir imscrúdú a sheoladh má tá leoramhras ann, a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar fhaisnéis a chuirfidh aon tríú páirtí ar fáil nó ar fhaisnéis a chuirfidh foinse anaithnid ar fáil, go ndearnadh calaois nó éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a rinne dochar do leasanna airgeadais an Aontais.";

(b) cuirtear an abairt seo a leanas le mír 3:

"Ní bhainfidh an mhír sin le himscrúduithe OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Má chinneann an tArd-Stiúrthóir nach n-oscloídh sé imscrúdú seachtrach, féadfaidh sé aon fhaisnéis ábhartha a chur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann gan mhoill le go ndéanfar beart iomchuí, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. Cuirfidh an Oifig an institiúid, an chomhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas freisin, nuair is gá.";

(6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

"Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát an cúnamh is gá ionas gur féidir le foireann na hOifige a gcuid tascanna a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo go héifeachtach gan moill mhíchuí.";

(b) Cuirtear an dara fomhír seo a leanas le mír 3:

"Ar iarratas na hOifige maidir le cúrsaí atá á imscrúdú, soláthróidh na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais arna mbunú de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ agus údaráis inniúla ábhartha eile na mBallstát an méid seo a leanas di:

¹⁴ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena

- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear [in Airteagal 32a(3) de] i dTreoir 2015/849¹⁵;
- (b) nuair a bheidh dianghá ann chun críocha an imscrúdaithe, taifead na n-idirbheart.";
- (c) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i mír 3:

“Nuair a bheidh cúnaimh á chur ar fáil i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, feidhmeoidh na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir le haon riail nós imeachta náisiúnta is infheidhme leis an údarás inniúil náisiúnta lena mbaineann.";
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír i mír 6:

“Anuas ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an institiúid, an chomhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht lena mbaineann, dul i gcomhairle leis an Oifig tráth ar bith d’fhonn aon bheart iomchuí réamhchúraim a ghlacadh i ndlúthchomhar leis an Oifig, lena n-áirítear bearta chun fianaise a chosaint, agus cuirfidh sí an Oifig ar an eolas faoin gcinneadh sin gan mhoill.";
- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Mura bhféadfar imscrúdú a fhoirceannadh faoi cheann 12 mhí tar éis a sheoladh, déanfaidh an tArd-Stiúrthóir, ar dhul in éag na tréimhse 12 mhí sin agus gach sé mhí tar a éis sin, tuarascáil a thabhairt don Choiste Maoirseachta, ina léireofar na cúiseanna agus, nuair is iomchuí, na bearta feabhais a bheidh beartaithe d’fhonn dlús a chur leis an imscrúdú.";
- (7) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:
 - (a) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas isteach i mír 1:

“I gcás go dtuairisceoidh na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh siad, ina ionad sin, cóip den tuarascáil arna cur chuig OIPE a tharchur chuig an Oifig.";
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí, agus, mura gcuirfear bac orthu faoin dlí náisiúnta, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, ar iarratas na hOifige nó ar a dtionscnamh féin, aon doiciméad nó faisnéis atá acu a bhaineann le himscrúdú reatha de chuid na hOifige a chur chuig an Oifig.

Roimh sheoladh imscrúdaithe, déanfaidh siad, ar iarratas na hOifige, aon doiciméad nó aon fhaisnéis atá ina seilbh atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar na líomhaintí nó na critéir le haghaidh imscrúdú a sheoladh de réir leagtar amach in Airteagal 5(1) a tharchur.";
 - (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

¹⁵ Cuirfear Airteagal 32a(3) isteach i dTreoir (AE) 2015/849 le Treoir (AE) 2018/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849, ar socraíodh comhaontú polaitiúil ina leith an 19 Nollaig 2017 agus a bhfuil ionchas ann go nglacfar é sna míonna atá le teacht.

"3. Déanfaidh na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí, agus, mura gcuirfear bac orthu faoin dlí náisiúnta, déanfaidh údarais inniúla na mBallstát, aon doiciméad nó faisnéis eile atá acu a chur chuig an Oifig freisin, ar doiciméad é nó ar faisnéis í a mheastar a bheith ábhartha agus a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais.";

(d) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

"4. Ní bhainfidh an tAirteagal seo le OIPE maidir le cionta coiriúla ar féidir léi a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2017/1939.

Tá sin gan dochar don deis a bheith ag OIPE an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don Oifig faoi chásanna i gcomhréir le hAirteagal 34(8), Airteagal 36(6), Airteagal 39(4) agus Airteagal 101(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2017/1939.";

(8) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír de mhír 4:

"I gcásanna ina mbeidh údar cuí leo nach mór rúndacht imscrúdaithe a chaomhnú agus/nó ina n-úsáidfeair imeachtaí imscrúdaitheacha a thagann faoi chúram OIPE nó údarais bhreithiúnacha náisiúnta, féadfaidh an tArdStiúrthóir cinneadh a dhéanamh comhlíonadh na hoibleagáide a chur siar, is é sin an oibleagáid a iarraidh ar an duine lena mbaineann barúil a chur in iúl.";

(9) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 4:

"Féadfaidh an Oifig Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.";

(10) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír i mír 1:

"Féadfar moltaí ón Ard-Stiúrthóir a chur leis an tuarascáil maidir le haon bheart atá le déanamh. Léireoidh na moltaí sin, i gcás inarb iomchuí, aon ghníomh araíonachta, riaracháin, airgeadais agus/nó breithiúnach a dhéanfaidh na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí agus údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann, agus sonrú go háirithe na suimeanna measta a bheidh le haisghabháil, chomh maith le réamh-aicmiú dlí na bhforas a rinneadh amach.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Agus na tuarascálacha sin agus na moltaí sin á ndruchtú, cuirfear forálacha ábhartha dhlí an Aontais agus, a mhéid agus is infheidhme, dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann san áireamh.

Tar éis fíorú simplí a dhéanamh ar a mbarántúlacht, beidh tuarascálacha arna ndruchtú ar an mbonn sin ina bhfianaise inghlactha in imeachtaí breithiúnacha de chineál neamhchoiriúil os comhair cúirteanna náisiúnta, agus in imeachtaí riaracháin sna Ballstáit.

Fianaise inghlactha a bheidh i dtuarascálacha a dhréachtóidh an Oifig in imeachtaí coiriúla an Bhallstáit inar gá iad a úsáid, ar an gcaoi céanna agus a

ndréachtaíonn cigirí náisiúnta riaracháin tuarascálacha riaracháin agus faoi na coinníollacha céanna a bhaineann leis na tuarascálacha sin. Beidh siad faoi réir na rialacha meastóireachta céanna is infheidhme maidir le tuarascálacha riaracháin a dhréachtaíonn cigirí náisiúnta riaracháin agus beidh an luach céanna fianaise ag gabháil leo agus a ghabhann le tuarascálacha mar sin.

Cuirfidh na Ballstáit aon riail sa dlí náisiúnta atá ábhartha chun críocha an tríú fomhír in iúl don Oifig.

Beidh tuarascálacha arna ndréachtú ag an Oifig ina bhfianaise inghlactha in imeachtaí breithiúnacha os comhair chúirteanna an Aontais agus in imeachtaí riaracháin san Aontas.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Cuirfear tuarascálacha agus moltaí a dréachtaíodh tar éis imscrúdú seachtrach agus aon doiciméad gaolmhar ábhartha chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le himscrúduithe seachtracha agus, más gá, cuirfear iad chuig an institiúid, chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ngníomhaireacht lena mbaineann. Déanfaidh an institiúid, an chomhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht sin, bearta mar is gá de réir thorthaí an imscrúdaithe sheachtraigh sin, agus tuairisceofar maidir leis na bearta sin don Oifig, laistigh de theorainn ama a leagfar síos sna moltaí a ghabhann leis an tuarascáil agus, ina theannta sin, ar iarratas na hOifige.";

(11) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an abairt seo a leanas le mír 1:

"Is féidir léi faisnéis a tharchur freisin chuig an institiúid, chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ngníomhaireacht lena mbaineann.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, mura gcuireann an dlí náisiúnta bac orthu, an Oifig ar an eolas in am trátha, ar a dtionscnamh féin nó ar iarratas na hOifige, faoi na bearta a rinneadh ar bhonn na faisnéise a cuireadh chucu faoin Airteagal seo.";

(c) cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:

"5. D'fhéadfadh an Oifig, ar a tionscnamh féin nó ar iarratas, an fhaisnéis ábhartha a mhalartú le líonra Eurofisc arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle¹⁶.";

(12) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"Airteagal 12a

Seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise sna Ballstáit

1. Chun críocha an Rialacháin seo, saineoidh na Ballstáit seirbhís ("an tseirbhís comhordaithe frith-chalaoise") chun go n-éascófar comhar éifeachtach agus malartú faisnéise leis an Oifig, lena n-áirítear faisnéis de chineál oibríochtúil. Féadfar an

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhoibriú riaracháin agus calaois a chomhrac sa réimse maidir le cáin bhreisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

tseirbhís chomhordaithe frith-chalaoise a mheas, i gcás inarb iomchuí, mar údarás inniúil chun críocha an Rialacháin seo.

2. Déanfaidh na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise, ar iarratas na hOifige, sula ndéanfar cinneadh ar cheart imscrúdú a sheoladh, agus le linn nó tar éis imscrúdú, cúnamh a chur ar fáil, a fháil nó a chomhordú de réir mar is gá ionas gur féidir leis an Oifig a cuid cúraimí a dhéanamh go héifeachtach. Áiríteofar go háirithe sa chúnamh sin an cúnamh ó na húdaráis inniúla náisiúnta a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 3(6) agus (7), Airteagal 7(3) agus Airteagal 8(2) agus (3).
3. D'fhéadfadh an Oifig cúnamh a iarraidh ó na seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise agus gníomhaíochtaí comhordúcháin á ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12b, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, comhar cothrománach agus malartú faisnéise idir seirbhísí comhordaithe frith-chalaoise.

Airteagal 12b

Gníomhaíochtaí comhordúcháin

1. De bhun Airteagal 1(2), féadfaidh an Oifig comhar a eagrú agus a éascú idir údarás inniúla na mBallstát, na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí, agus, i gcomhréir le comhaontuithe um chomhoibriú agus cúnamh frithpháirteach agus le haon ionstraim dhlíthiúil eile a bheidh i bhfeidhm, údarás tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Chun na críche sin, d'fhéadfadh na húdaráis rannpháirteacha agus an Oifig faisnéis, lena n-áirítear faisnéis oibríochta, a bhailiú, a anailísiú agus a mhalartú. D'fhéadfadh foireann na hOifige údarás inniúla a dhéanann gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar iarratas na n-údarás sin a thionlacan. Beidh feidhm ag Airteagal 6, Airteagal 7(6) agus (7), Airteagal 8(3) agus ag Airteagal 10.
2. Féadfaidh an Oifig tuarascáil a dhréachtú maidir leis na gníomhaíochtaí comhordúcháin a rinneadh agus í a tharchur, nuair is iomchuí, chuig na húdaráis inniúla náisiúnta agus chuig na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí lena mbaineann.
3. Ba cheart feidhm a bheith ag an Airteagal seo gan dochar don Oifig na cumhachtaí a fheidhmiú a bronnadh ar an gCoimisiún i bhforálacha sonracha lena rialaítear cúnamh frithpháirteach idir údarás riaracháin na mBallstát agus comhar idir na húdaráis sin agus an Coimisiún.
4. Féadfaidh an Oifig páirt a ghlacadh i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus faisnéis oibríochtúil arna fáil de bhun an Rialacháin seo a mhalartú faoin gceart sin.

Airteagal 12c

Aon iompar coiriúil ar a bhféadfadh sí a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith a thuairisciú do OIPE

1. Tuairisceoidh an Oifig do OIPE gan moill mhíchúí maidir le haon iompar coiriúil a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus le hAirteagal 25(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Cuirfear an tuarascáil tráth ar bith roimh nó le linn imscrúdú na hOifige.
2. Cuimseofar sa tuarascáil, ar a laghad, tuairisc ar na fíricí, lena n-áireofar measúnú ar an dochar rinneadh nó is dócha a rinneadh, an cháilíocht dhlíthiúil fhéideartha agus

aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le híospartaigh ionchasacha, amhrastaigh agus aon duine eile atá bainteach.

3. Ní bheidh an Oifig faoi cheangal líomhaintí ar léir nach bhfuil bunús tugtha leo a thuairisciú do OIPE.

I gcásanna ina bhfaighidh an Oifig an fhaisnéis gan na gnéithe a leagtar amach i mír 2 a chur san áireamh, gan aon imscrúdú ar siúl ag an Oifig, d'fhéadfadh an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh i leith na líomhaintí. Déanfar an meastóireacht go deifreach, agus faoi cheann dhá mhí ar a laghad i ngach cás sula bhfaighfear an fhaisnéis. Le linn na meastóireachta, beidh feidhm ag Airteagal 6 agus ag Airteagal 8(2).

De bhun na réamh-mheastóireachta, tuairisceoidh an Oifig do OIPE ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1.

4. I chás ina dtiocfaidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 1 chun solais le linn imscrúdú a dhéanfaidh an Oifig, agus seolfaidh OIPE imscrúdú tar éis na tuarascála, ní leanfaidh an Oifig ar aghaidh lena himscrúdú ar na fíricí céanna seachas i gcomhréir le hAirteagal 12e nó le hAirteagal 12f.

D'fhonn an chéad fhomhír a fheidhmiú, fíoróidh an Oifig i gcomhréir le hAirteagal 12g(2) trí chóras cás-bhainistíochta OIPE cibé an bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE. D'fhéadfadh an Oifig tuilleadh faisnéise a iarraidh ó OIPE. Tabharfaidh OIPE freagra ar iarraidh dá leithéid laistigh de 10 lá oibre.

5. D'fhéadfadh na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí a iarraidh ar an Oifig réamh-mheastóireacht a dhéanamh ar líomhaintí arna dtuairisciú dóibh. Chun críocha na n-iarraitaí sin, beidh feidhm ag mír 3.
6. I gcás ina gcuirfidh an Oifig deireadh lena himscrúdú, tar éis di tuarascáil a chur chuig OIPE i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 9(4) agus ag Airteagal 11.

Airteagal 12d

Dúbláil imscrúduithe a sheachaint

Ní sheolfaidh an tArd-Stiúrthóir imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 5 má tá imscrúdú á dhéanamh ag OIPE ar na fíricí céanna, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 12e nó le hAirteagal 12f.

D'fhonn an chéad fhomhír a fheidhmiú, fíoróidh an Oifig i gcomhréir le hAirteagal 12g(2) trí chóras cás-bhainistíochta OIPE an bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag OIPE. D'fhéadfadh an Oifig tuilleadh faisnéise a iarraidh ar OIPE. Tabharfaidh OIPE freagra ar an iarraidh sin faoi cheann 10 lá oibre.

Airteagal 12e

Tacaíocht na hOifige d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

1. Le linn imscrúdú de chuid OIPE, agus ar iarratas OIPE i gcomhréir le hAirteagal 101(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, tacóidh an Oifig, i gcomhréir lena sainordú, le gníomhaíocht OIPE a thacú nó comhlánóidh sí í go háirithe leis na modhanna a leanas:
 - (a) faisnéis, anailísí (anailísí fóirínseacha san áireamh), saineolas agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil;

- (b) comhordú gníomhaíochtaí sonracha na n-údarás náisiúnta inniúla agus chomhlachtaí an Aontais a éascú;
 - (c) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh.
2. De bhun mhír 1, cuirfear iarraidh i scríbhinn agus sonrúfar inti an beart nó na bearta atá OIPE a iarraidh ar an Oifig a fheidhmiú agus, nuair is iomchuí, an amlíne atá beartaithe chuige sin. Cuimseofar faisnéis san iarriadh faoi imscrúdú OIPE chomh fada agus is ábhartha chun críocha na hiarrata. Is féidir leis an Oifig, nuair is gá, faisnéis bhreise a iarraidh.

Airteagal 12f

Imscrúduithe comhlántacha

1. I gcásanna ina mbeidh bonn cirt cuí leo ina mbeidh imscrúdú á dhéanamh ag OIPE, ina mbreithneoidh an tArd-Stiúrthóir gur cheart imscrúdú a sheoladh i gcomhréir le sainordú na hOifige chun gur fusa bearta réamhchúraim nó beart airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh, cuirfidh an Oifig sin in iúl do OIPE i scríbhinn, agus sonrúidh sí cineál agus cuspóir an imscrúdaithe.

Féadfaidh OIPE, faoi cheann 30 lá tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, agóid a dhéanamh in aghaidh imscrúdú a sheoladh nó bearta áirithe a bhaineann leis an imscrúdú a fheidhmiú, nuair is gá ar eagla go gcuirfí a himscrúdú féin nó a hionchúiseamh i gcontúirt, agus féadfaidh sé an agóid sin a dhéanamh chomh fada a mbeidh gá léi ar bhonn na gcúiseanna sin. Tabharfaidh OIPE fógra don Oifig gan moill mhíchú a luaite nach mbeidh feidhm ag na forais le hagóid a thuilleadh.

I gcás nach ndéanfaidh OIPE agóid laistigh de thréimhse ama na fomhíre roimhe seo, féadfaidh an Oifig imscrúdú a sheoladh, agus déanfaidh sí sin i ndlúthchomhairle le OIPE.

Cuirfidh an Oifig a himscrúdú ar fionraí nó scoirfidh sí de, nó staonfaidh sí ó bhearta áirithe a bhaineann leis an imscrúdú a fheidhmiú, má dhéanann OIPE agóid ina aghaidh tar a éis sin, ar bhonn na bhforas céanna dá dtagraítear sa dara fomhír.

2. I gcás ina gcuirfidh OIPE in iúl don Oifig nach bhfuil imscrúdú á déanamh aici i bhfreagra ar iarraidh faisnéise arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 12d agus ina seolfaidh sí imscrúdú tar a éis sin ar na fíricí céanna, beidh uirthi é sin a chur in iúl don Oifig gan mhoill. Beidh feidhme ag mír (1) má mheasann an tArd-Stiúrthóir, tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, gur cheart leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú arna sheoladh ag an Oifig chun gur fusa glacadh bearta réamhchúraim nó bearta airgeadais, araíonachta nó riaracháin a ghlacadh.

Airteagal 12g

Socrúithe oibre agus malartú faisnéise le OIPE

1. Comhaontóidh an Oifig socrúithe riaracháin le OIPE nuair is gá d'fhonn gur fusa oibrú i gcomhar le OIPE de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 1(4a). Féadfar, leis na socrúithe oibre sin, sonraí praiticiúla a shocrú le haghaidh faisnéis a mhalartú, lena n-áireofar sonraí pearsanta, faisnéis oibríochtúil, straitéiseach nó theicniúil agus faisnéis rúnda. Cuirfidh siad socrúithe mionsonraithe san áireamh maidir le malartú leanúnach faisnéise le linn don dá oifig líomhaintí a fháil agus a fhíorú.
2. Beidh rochtain neamhdhíreach ag an Oifig ar chóras cás-bhainistíochta OIPE ar bhonn córas amais/gan amas. Nuair a aimseofar meaitseáil idir na sonraí atá curtha

isteach sa chóras cás-bhainistíochta ag an Oifig agus sonraí atá i seilbh OIPE, déanfar é a chur in iúl do OIPE agus don Oifig go bhfuil meaitseáil ann. Glacfaidh an Oifig bearta iomchuí ionas go mbeidh rochtain ag OIPE ar fhaisnéis ina chóras cás-bhainistíochta ar bhonn córas amais/gan amas.”;

(13) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú abairt i mír 1:

“Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ón gCúirt Iniúchóirí, OIPE, Eurojust agus/nó Europol a bheith i láthair ar bhonn *ad hoc* ar iarratas Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiún, an Ard-Stiúrthóra nó an Choiste Maoirseachta.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) i mír 2:

“(d) creat an chaidrimh idir an Oifig agus na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí, go háirithe OIPE.”;

(14) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ní iarrfaidh an tArd-Stiúrthóir ná ní ghlacfaidh treoracha ar/ó aon rialtas ná ó aon instiúid, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht agus é i mbun a dhualgas maidir le himscrúduithe seachtracha agus inmheánacha nó gníomhaíochtaí comhordúcháin a sheoladh agus a dhéanamh, nó maidir le tuarascálacha a dhréachtú tar éis na n-imscrúduithe sin nó na ngníomhaíochtaí comhordúcháin sin. Má mheasann an tArd-Stiúrthóir gur cuireadh a neamhspleáchas i mbaol de dheasca beart a rinne an Coimisiún, cuirfidh sé an Coiste Maoirseachta ar an eolas faoi sin láithreach agus déanfaidh sé cinneadh maidir le caingean a thionscnamh in aghaidh an Choimisiúin os comhair na Cúirte Breithiúnais.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i mír 5:

“(b) cásanna inar cuireadh an fhaisnéis ar aghaidh chuig údarais bhreithiúnacha na mBallstát agus chuig OIPE.”;

(c) cuirtear pointe (e) a leanas isteach sa chéad fhomhír de mhír 8:

“(e) caidrimh le OIPE.”;

Airteagal 2

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag na hAirteagail ó 12c go 12f dá dtagraítear i bpointe 12 in Airteagal 1 ón dáta arna shocrú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*